I ndiaidh na dTorthaí Samhradh 2020

Na rudaí is féidir leat a dhéanamh má tá tú imníoch faoi do thorthaí CCEA do GCSE, AS nó A-leibhéil

Rewarding Learning

Cáipéis nuashonraithe i ndiaidh chinneadh an Aire Oideachais 17 Lúnasa 2020

Níl mé cinnte go bhfuil mo ghrád ceart.

Labhair le do scoil nó do choláiste faoi cé acu atá cúis agat le hachomharc/athbhreithniú a iarraidh, nó nach bhfuil.

Is féidir le do scoil nó do choláiste grád measúnaithe agus rang-ord an lárionaid a cuireadh isteach chuig CCEA a fheiceáil agus é seo a sheiceáil ó thaobh cruinnis de.

Cúiseanna le hachomharc a iarraidh ó CCEA

- Bhain CCEA úsáid as na sonraí míchearta le do ghrád a ríomh.
- Bhronn CCEA an grád mícheart trí mheancóg riaracháin.
- Chuir CCEA an grád mícheart in iúl.

Cinnteoidh do scoil nó do choláiste, bunaithe ar an fhaisnéis, cé acu achomharc a chur isteach nó gan é a chur isteach go CCEA ar do shon.

Déanfaidh CCEA Athbhreithniú Tosaigh agus socróidh siad an bhfuil cúis ann don achomharc/athbhreithniú.

NÍ ísleofar gráid do dhalta AR BITH mar thoradh ar achomhairc.

Mar thoradh ar achomharc/athbhreithniú thiocfadh le do ghrád:

- dul suas; nó
- fanacht mar an gcéanna.

Ní bheidh ísliú ar aon ghrád mar gheall ar achomhairc.

I ndiaidh do Athbhreithniú Tosaigh a chur i gcrích, is féidir le scoileanna agus coláistí iarratas a chur isteach le dul ar aghaidh go Staid 2 sa phróiseas: Athbhreithniú Neamhspleách.

An dáta deiridh le hachomharc/ athbhreithniú a iarraidh ar CCEA ná

DÉARDAOIN 17 MEÁN FÓMHAIR 2020

Scoileanna nó coláistí nach bhfuil sásta le toradh an Athbhreithnithe Neamhspleách, is féidir leo iarraidh ar CCEA Regulation an cás a athbhreithniú tríd an tSeirbhís Athbhreithnithe um Nós Imeachta Scrúduithe *(Exam Procedure Review Service (EPRS)*.

ar leanúint ar an chéad leathanach eile

In aon amharc amháin – treoir do dhaltaí le gearáin a dhéanamh

Rewarding Learning

Ní aontaím le cinneadh mo scoile nó mo choláiste gan tacú le hachomharc.

Tá fianaise agam le tabhairt le fios go bhfuil an grád/ rang-ord a chuir mo scoil nó mo choláiste isteach go CCEA claonta nó leatromach.

Beidh próiseas inmheánach achomhairc/ le gearáin a dhéanamh ag do scoil nó do choláiste a gcaithfidh siad cloí leis.

Creidim nár chloígh mo scoil nó mo choláiste lena nós imeachta achomhairc/ le gearáin a dhéanamh.

Déan teagmháil le CCEA go díreach ar a líne chuidithe ag (028) 9026 1260 nó (028) 9026 1220, nó cuir ríomhphost chuig: compliance@ccea.org.uk

I ndiaidh dom an próiseas a leanúint, tá mé fós míshásta le mo ghrád.

Is féidir scrúduithe a dhéanamh sa chéad sraith eile a bheas ar fáil.

An dáta deiridh le hachomharc/ athbhreithniú a iarraidh ar CCEA ná

DÉARDAOIN 17 MEÁN FÓMHAIR 2020

In aon amharc amháin – treoir do dhaltaí le gearáin a dhéanamh

Rewarding Learning

Má shíleann tú nach ndearna do scoil nó do choláiste imscrúdú cuí ar earráid líomhnaithe a d'ardaigh tú, thig leat teagmháil a dhéanamh linn go díreach le do ghearán agus an dóigh ar phléigh do scoil nó do choláiste leis a thuairisciú. Thig leat ár líne chuidithe a úsáid ar (028) 9026 1260 nó (028) 9026 1220, nó ríomhphost a chur chuig compliance@ccea.org.uk

Seo dhá shampla:

Is dalta A-Leibhéal í Jennifer i Scoil Y. Nuair a fuair sí a cuid torthaí, bhí sí míshásta lena grád i Matamaitic agus ba mhian léi a chinntiú nach raibh aon earráid ann sa dóigh ar phléigh a scoil leis an phróiseas maidir lena cuid faisnéise faoi Mhatamaitic a chur ar fáil do CCEA. Agus próiseas a scoile a úsáid le gearáin a dhéanamh, d'iarr sí ar an scoil a dheimhniú go raibh an fhaisnéis a cuireadh isteach fúithi cruinn. Rinne an scoil imscrúdú agus fuair siad amach gur cuireadh isteach faisnéis mhícheart faoi Jennifer go hearráideach. Fuair an scoil amach gur cheart go gcuirfí isteach grád B (Rang 9) in áit ghrád C (Rang 2). Rinne an scoil teagmháil le CCEA le hinsint dó faoina earráid, ag mionsonrú dó an mheancóg a rinneadh. Rinne CCEA athbhreithniú ar an earráid agus ghlac sé léi. Leis an earráid a cheartú, d'eisigh CCEA grád athbhreithnithe Matamaitice do Jennifer don scoil.

Is dalta A-Leibhéal é Dan i Scoil Z. Agus próiseas a scoile a úsáid le gearáin a dhéanamh, d'iarr sé ar an scoil a dheimhniú go raibh an fhaisnéis a chuir siad isteach faoi cruinn agus nach ndearnadh aon earráid sa nós imeachta. Níor admhaigh an scoil gearán Dan ná ní dhearna siad imscrúdú air. Ní raibh Dan sásta leis seo agus rinne sé teagmháil le CCEA lena chuid buarthaí a thuairisciú. Rinne CCEA teagmháil leis an lárionad le tús a chur le himscrúdú ar an dóigh ar pléadh leis an ghearán. Ghlac Scoil Z leis nár phléigh siad mar is ceart leis an ghearán agus thug siad faoi imscrúdú a dhéanamh air. Shainaithin an scoil go raibh an próiseas a lean siad leis an fhaisnéis a chur ar fáil do CCEA ceart.

Le tuilleadh eolais a fháil ar cháiliúcháin samhraidh 2020, tabhair cuairt ar www.ccea.org.uk/summer-awarding nó cuir scairt ar líne chuidithe CCEA ag (028) 9026 1260, cuir ríomhphost chuig helpline@ccea.org.uk